

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

AN TEASTAS SÓISEARACH

EACNAMAÍOCHT BHAILE

TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

AN TEASTAS SÓISEARACH

AIDHMEANNA AGUS PRIONSABAIL

Tá sé mar aidhm ghinearálta ag an oideachas cur le forbairt gach gné den dune aonair, lena n-áirítear forbairt aeistéitiúil, chruthaíoch, chultúrtha, mhothúchánach, intleachtúil, mhorálta, fhisiciúil, shóisialta agus spioradálta, den saol pearsanta agus teaghlaigh, den saol oibre, den saol i measc an phobail agus den fhóillíocht.

Tá sé mar aidhm ag clár an Teastais Shóisearaigh

- treisiú agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na hinniúlachtaí a thug an duine óg leis ag leibhéal na bunscoile;
- raon agus cáilíocht eispéiris oideachasúil an duine óig a leathnú agus a neartú ó thaobh eolais, tuisceana, scileanna agus inniúlachtaí;
- muinín shóisialta agus phearsanta, tionscnamh agus inniúlacht an duine óig a fhorbairt trí oideachas leathan cothrom;
- an duine óg a ullmhú do riachtanais chláir eile staidéir, don fhostaíocht nó don saol lasmuigh den oideachas lánaimsearach;
- cur le forbairt mhorálta agus spioradálta an duine óig agus lámhaltas agus meas a chothú ar luachanna agus ar chreidiúintí daoine eile;
- an duine óg a ullmhú do fhreagrachtaí saoránachta sa chomhthéacs náisiúnta agus i gcomhthéacs níos leithne na gComhphobal Eorpach.

Tá an clár don Teastas Sóisearach bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

- leithead agus cothromaíocht: sa chéim dheiridh den oideachas éigeantach ba chóir go mbeadh raon leathan eispéiris oideachasúil ag gach duine óg. Caithfear aird ar leith a thabhairt ar threisiú agus ar fhorbairt scileanna uimhearthachta, litearthachta agus labharthachta. Ba chóir béim ar leith a chur ar oideachas comhshaoil agus sóisialta, ar eolaíocht agus ar theicneolaíocht agus ar nuatheangacha.

- baint le hábhar: ba chóir go dtabharfadh soláthar an churaclaim aghaidh ar riachtanais ionchasacha agus láithreacha an duine óig, i gcomhthéacs na timpeallachta sóisialta, eacnamaíche agus cultúrtha.
- cáilíocht: ba chóir go dtabharfaí dúshlán gach duine óg na caighdeáin is airde feabhais agus is féidir a bhaint amach, agus aird mar is cuí ar bhuanna agus ar chumais éagsúla agus ar chomparáidí idirnáisiúnta.

Ba chóir don Churaclam raon leathan taithí oideachasúil a chur ar fáil laistigh de thimpeallacht thacaíochta agus mhúnlaithreach. Ba cheart dó leas a bhaint as na réimsí aeistitiúla, cruthaíochta, eiticiúla, teangeolaíochta, matamataice, eolaíochta, teicneolaíochta, sóisialta, timpeallachta agus polaitíochta, agus spioradálta.

4. Cuirtear gach siollabas don Teastas Sóisearach ar fáil le feidhmiú laistigh de chomhthéacs an churaclaim ghinearálta a bhfuil cur síos air thuas.

AN TEASTAS SÓISEARACH

EACNAMAÍOCHT BHAILE

TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

<u>CLÁR</u>	<u>Leathanach</u>
Brollach	5
1. Réamhrá	7
2. Staidéar Bia agus Scileanna Cócaireachta	9
3. Staidéar Tomhaltóra	14
4. Staidéar Sóisialta agus Sláinte	16
5. Bainistíocht Acmhainní agus Staidéar Baile	19
6. Staidéar Teicstíle	22
7. Optaic	25
8. Tascanna Eiseamláire	29
9. Seoltaí Úsáideacha	45

BROLLACH

Tháinig clár an Teastais Shóisearaigh i ngníomh den chéad uair i Mean Fómhair 1989, agus reáchtáladh na chéad scrúduithe i 1992. Sa phróiseas chun leasú a dhéanamh ar an gcuraclam bhí clár céimnithe athbhreithnithe ar an siollabas agus tacaíocht dá réir do mhúinteoirí ó chúrsaí inseirbhíse agus teoracha múinteoireachta.

Bhí deich n-ábhar i gceist sa chéad chéim den athbhreithniú ar an siollabas. Tá sé ábhar sa dara céim – Staidéar Sóisialta agus Timpeallachta, Eacnamaíocht Bhaile, Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad), Ceol, Grafaic Theicniúil agus Clóscríobh.

Is coistí cúrsa a bhunaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta a cheap na siollabais. Bhí na coistí cúrsa seo freagrach freisin as Treoirlínte a cheapadh mar chúnamh do mhúinteoirí agus na siollabais á léirmhíniú agus á gcur i bhfeidhm.

Níl na treoirlínte seo saintreorach. Tá gach cead ag gach múinteoir a rogha modheolaíocht múinteoireachta a roghnú chun na cúspóirí sonraithe agus torthaí inmhianaithe gach siollabas a bhaint amach. Cuireann na treoirlínte moltaí ar fáil a d'fhéadfadh cabhair bhreise a thabhairt do mhúinteoirí. Tugtar aird ar leith ar ghnéithe den siollabas nua go bhféadfadh nach mbeadh múinteoirí áirithe eolach orthu.

Níl sna treoirlínte ach cuid amháin de chlár foriomlán tacaíochta do mhúinteoirí. Tá sé beartaithe, mar shampla, go ndíreoidh cúrsaí inseirbhíse ar roinnt mhaith saincheisteanna a thógtar sna treoirlínte.

Ba chóir go gcuirfeadh roinnt gnéithe ginearálta an mhúinteoireacht agus an fhoghlaim a bhaineann leis na siollabais nua ar an eolas –

- Ba chóir gach siollabas a mhúineadh agus tagairt chomhfhiosach á dhéanamh d'aidhmeanna iomlána chlár an Teastais Shóisearaigh (féach laistigh den chlúdach tosaigh). Is iomaí deiseanna atá ann do nascanna traschuraclaim agus ba chóir úsáid a bhaint astu seo.
- ba chóir do chleachtas múinteoireachta béim a chur ar impleachtaí eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha bhallraíocht na hÉireann sa Chomhphobal Eorpach agus na dúshláin agus na deiseanna a chuireann sé seo ar fáil laistigh de chomhthéacs

saoránachta níos leithne.

- áit a n-eascaíonn siad, ba chóir caitheamh le saincheisteanna a bhaineann leis an comhshaol ar bhealach cothrom idir an riachtanas chun an timpeallacht nádúrtha a chaomhnú agus a chosaint, mar shampla, agus éilimh dhlisteanacha na forbartha eacnamaíche agus na gníomhaíochta tionsclaíche.

AN TEASTAS SÓISEARACH

EACNAMAÍOCHT BHAILE

Treoirlínte do Mhúinteoirí

1.0 Réamhrá

- 1.1 Tá siollabus Eacnamaíocht Bhaile an Teastais Shóisearaigh ceaptha daoine a ullmhú le haghaidh scileanna tábhachtacha maireachtála, mar dhaoine aonair agus mar bhail de theaghlaigh. Beidh na scileanna seo luachmhar i mbunú timpeallachta baile seasamhaí agus i ngníomhartha fostaíochta agus gníomhartha a bhaineann leis an bpobal. Tá struchtúr ar an siollabas chun taithí foghlamtha éagsúil a chur ar fáil, e.g. taithí chruthaíoch, bainistíochta agus teicneolaíochta.
- 1.2 Leagtar béim ar leith ar réiteach fadhbanna agus ar fhoghlaim fhionnachtanach agus tagairt ar leith do dhá choincheap lárnacha:
- inniúlacht tomhaltóra
 - bainistíocht phearsanta
- 1.3 Molann na Treoirlínte cur chuige bunaithe ar ghníomhaíocht i leith múinteoireachta. Cothaítear comhtháthú idir na cúig réimse staidéir a leagtar amach sa siollabus:
- Staidéar Bia agus Scileanna Cócaireachta.
 - Staidéar Tomhaltóra
 - Staidéar Sóisialta agus Sláinte
 - Bainistíocht Acmhainní agus Staidéar Baile
 - Staidéar Teicstíle
- 1.4 Cuireann an siollabas i bhfios i gcónaí gur ábhar praiticiúil é Eacnamaíocht Bhaile agus ba chóir go mba léir seo i ngach gníomhaíocht múinteoireachta.
- 1.5 Spreagtar múinteoirí san Eacnamaíocht Bhaile chun dul i dteagmháil le múinteoirí ábhar eile nuair atá réimsí leasa choitinn. Tugann ábhair mar Eolaíocht, Staidéar Gnó, Ealaín/Ceardaíocht/Dearadh agus Tíreolaíocht deiseanna ar leith.

1.6 Leibhéal

Déanfar an siollabas a mheas ar dhá leibhéal, Gnáth agus Ardleibhéal. Féadfar an cúrsa a mhúineadh ag an dá leibhéal laistigh de ghrúpa aon rang amháin más gá. Tá raon na dtopaicí mórán mar a chéile ag an dá leibhéal, an t-idirdhealú á dhéanamh den chuid is mó trí mhéid agus trí dhoimhneacht na láimhseála. Ach laistigh de na treoirlínte léireoidh na ranna a bhfuil líne fúthu ábhar atá ceaptha don Ardleibhéal amháin.

1.7 Tascanna Eiseamláire

Tá siad seo ceaptha straitéisí múinteoireachta éagsúla a thabhairt isteach a bheadh feiliúnach do ghnéithe éagsúla an chúrsa. Léiríonn siad freisin an caighdeán feidhmithe a mbítear ag súil leis go coitianta ó dhalta. Féadfaidh múinteoirí na tascanna a úsáid chun iad a leasú le go mbeidís feiliúnach dá riachtanais.

1.8 Dáileadh Ama

Tá an t-ualúchán molta ama a léirítear sa siollabas féin bunaithe ar dháileadh foriomlán ama barúlach. Athróidh an figiúr foriomlán seo ó scoil go scoil, ach ba cheart go mbeadh feidhm leis an ualúchán a thugtar do ghnéithe difriúla an chúrsa i ngach cás.

1.9 Cothromas Inscne

Tá an siollabas agus na treoirlínte araon ceaptha agus aird á thabhairt ar gach dalta. Ba cheart do na húdaráis scoile agus do mhúinteoirí iarracht chomhfhiosach a dhéanamh chun a chinntiú go dtairgtear agus go múintear Eacnamaíocht Bhaile gan claonadh inscne.

2. STAIÉAR BIA AGUS SCILEANNA CÓCAIREACHTA
(is don Ardleibhéal amháin an t-ábhar a bhfuil líne faoi)

ÁBHAR	EOLAS & TUISCINT IONCHAIS	GNÍOMHAÍOCHT MHOLTA
An gaol idir bia agus sláinte	<p>Bia: bunriachtanas don mhaireachtáil fholláin</p> <p>Riachtanas: Cén fáth go n-íosfadh duine?</p> <p>Nósanna itheacháin – Infhaighteacht/stíl mhaireachtála/<u>cultúr</u></p>	<p>Liostaigh feidhmeanna bia.</p> <p>Pléigh patrúin itheacháin</p> <ul style="list-style-type: none"> - ithe go rialta - sneaiceáil <p>Leag béim ar thábhacht deaphatrúin itheacháin agus sláinte. Déan togra ar bhia ó thíortha éagsúla.</p>
Cothú & Aiste Bia	<ul style="list-style-type: none"> • Riachtanais chothaithe shonracha • Na cothaithe riachtanacha • Foinsí agus feidhmeanna • <u>An méid laethúil molta</u> • Éifeachtaí easpa • Treoirínte cothaithe reatha • Cad is comhdhéanamh aiste bia cothrom • <u>Cén chaoi a dhfleáitear bia</u> • <u>An chaoi a ionsúitear bia tríd an gcóras d'fleáite</u> • <u>Sainmhíniú ar einsím</u> 	<p>Déan suirbhé ar nósanna itheacháin an ranga</p> <p>Fiosraigh nósanna ‘sneaiceála’</p> <p>Cuir béim ar chothromaíocht agus áitigh ar dhaltaí staidéar a dhéanamh ar a riachtanais chothaithe féin trí ghnáthaimh ‘itheacháin’ iomchuí a phleanáil</p> <p>Cás-staidéir ar easpa príomhchothaitheach.</p> <p>Ba chóir do na gníomhaíochtaí seo aird a thabhairt ar threoirínte reatha. Aistí bia éagsúla a scrúdú ar mhaithe le cothromaíocht.</p> <p>Féach ar líníocht lipéadaithe de chóras d'fleáite agus rianaigh dianscaoileadh bia tríd an gcóras d'fleáite.</p>
Sláinteachas Bia	<ul style="list-style-type: none"> • Bunriachtanais don mhaireachtáil fholláin • Cleachtais sláinteachais a bhaineann le bia • Ullmhú agus stóráil. • <u>Údair agus cosc nimhiú bia.</u> • An coincheap ‘leibhéil inghlactha éillithe’ a thuiscint ag tagairt go háirithe d’ábhair, do threalamh agus do dhromchlaí. • <u>Eolas bunaidh ar bhaictéir choitianta – Stafalacocas, salmonella, listéire, botalas.</u> 	<p>Déan amach sraith treoirínte do Ghlaineacht Phearsanta agus do Shláinteachas Cistine.</p> <p>Pléigh an fhíríc go bhfuil baictéir i ngach áit agus go bhfuil láimhseáil agus sláinteachas ceart riachtanach chun éilliú bia a chosc.</p>
Stóráil Bhia	<ul style="list-style-type: none"> • An chaoi ar chóir bia a stóráil. • <u>Lotamas bia: Cad is cúis leis ?</u> • Stóráil bhiana meatacha agus neamh-mheatacha. 	<p>Tasc: úlla – ocsaídiú. Déan na láithreacha stórála bia sa teach a mheas agus liostaigh na bianna a stóráiltear iontu agus na fáthanna atá leis.</p> <p>Stocáil na láithreacha stórála bia, déan cúram díobh agus iad a chothabháil.</p>

ÁBHAR	EOLAS & TUISCINT IONCHAIS	GNÍOMHAÍOCHT MHOLTA
Próiseáil Bia	<p>Cén fáth a ndéantar bia a phróiseáil? Modhanna coitianta próiseála bia <u>Reachtaíocht maidir le caighdeáin agus lipéadú.</u> <u>Breiseáin agus an fáth a n-úsáidtear iad.</u> <u>Tionchair dhearfacha/dhiúltacha breiseán.</u> Infhaighteacht agus úsáid bianna próiseáilte, i.e bianna áise, bianna reoite. Buntáistí agus míbhuntáistí bia próiseáilte.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Cuir bia atá ullmhaithe ag mic léinn agus a choibhéis tráchtála i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile. <p>Scrúdaigh liosta siopadóireachta na seachtaine. Liostaigh bianna a próiseáladh agus bíodh tuiscint ar an bhfáth a bhí leis.</p> <p>Scrúdaigh costas bianna áise breise.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Scrúdaigh an úsáid is fearr a bhaineann daltaí as bianna áise sa bhaile agus sa seomra ranga. Ceadigh do dhaltaí úsáid bianna próiseáilte a chomhtháthú in oidis nuair is cuí. <p>Sainaithin eolas maidir le teoracha CE ar lipéadú bia etc.</p>
Roghanna Bia	<p>Béim ar ‘mheánaiste chothromaithe bia’ <u>Feasacht ar riachtanais ar leith– aoisghrúpa, aistí bia speisialta – diaibéiteach, céiliach, murtall, veigeatórach.</u> Conas liosta siopadóireachta a ullmhú, cainníochtaí, plean ama agus costáil.</p>	<p>Biachláir laethúla/seachtainiúla a phleanáil i gcomhthéacs acmhainní teaghlaigh</p> <ul style="list-style-type: none"> - airgead - trealamh - am - cumas cócaireachta - éagsúlacht <p>An bhéim ar chothrom cothaitheach. Bailigh eolas faoina riachtanais chothaitheacha féin. Mol aiste bia chun freastal ar a riachtanais. Sainaithin riachtanas speisialta agus mol aiste bia le freastal ar a riachtanais speisialta. Rogha miasa leis na riachtanais a léiriú a phleanáil, a chócaráil agus a chur i láthair</p>
Pleanáil Béilí	<p>Na hacmhainí a mbíonn tionchar acu ar phleanáil béilí –am, airgead, infhaighteacht, cainníocht, trealamh, séasúr, rogha, stíleanna maireachtála agus blas. Riachtanais aonair agus teaghlaigh. Tuiscint ar na grúpaí bia. <u>Comhdhéanamh bia.</u> Comhdhéanamh imlíne feola, iasc, cáise, bainne, uibheacha, torthaí, glasraí agus gránaigh.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Tascanna do bhricfeastaí, loin, dinnéir etc. do riachtanais éagsúla. • Pleanáil, ullmhaigh, cócaráil agus costaigh raon béilí lena n-áirítear tagairt do bhuiséid, d’infhaighteacht ó thaobh séasúir. Úsáid cártaí oibre do pleananna agus do phróisis oibre
Ullmhú Bia	<p><u>Oidís a chur in oiriúint do spriocanna cothaithe.</u> Léirmhíniú oideas. Scileanna a theastaíonn do gach próiseas cócaireachta. <u>Na prionsabail a bhaineann le gach ceann de na próisis chócaireachta</u> Eolas ar mhodhanna a bheadh oiriúnach do bhianna difriúla agus tuiscint ar cén bunús atá</p>	<p>Scileanna ullmhú bia. Bíodh gach bunscil praiticiúil a úsáidtear in ullmhú bia inchorpraithe, próisis éagsúla á n-úsáid.</p> <p>Déanfaidh daltaí miasa a ullmhú agus a chócaráil chun na modhanna éagsúla</p>

	<p>leis seo maidir le fachtóirí cothaitheacha agus biachláir e.g. gearrthacha feola</p> <p>Ba chóir tascanna sa seomra ranga a phleanáil chun oiread de na bunoidis agus is féidir a ionchorprú sa chomhthéacs seo a leanas</p> <ul style="list-style-type: none"> - roghanna bia - sláinteachas bia - nósanna cothaithe nua-aimseartha - riachtanais speisialta - acmhainní teaghlaigh <p>Níor chóir oidis a scaradh amach ó riachtanais chothaithe.</p> <p>Na hathruithe a thagann ar bhia le linn cócaireachta a aithint.</p>	<p>a ionchorprú mar ghné de na tascanna.</p> <p>Tionscadail ar aistí bia éagsúla do</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) naíonáin (b) páistí beaga (c) seanóirí (d) daoine atá ag teacht chucu féin tar éis tinnis – téarnamh (e) veigeatóirí (f) diaibéitigh (g) céiliaigh (h) ógánaigh <p>Sraith biachlár á ndéanamh ag na daltaí, na miasa a luadh thuas san áireamh iontu.</p> <p>Dearadh clúdaigh le bheith san áireamh ar gach biachlár a chuirtear i láthair.</p> <p>Tionscadal ranga a phleanáil áit a ndéantar líon teoranta bianna a chócaráil ar oiread modhanna agus is féidir</p> <p>Déan comparáid agus measúnú ar gach modh do gach bia maidir le cothroime chothaitheach agus deachleachtas cothaithe.</p>
Trealamh Cistine	Rogha, úsáid agus cúram trealamh a úsáidear chun bia a ullmhú	Déan é a chomhtháthú le Staidéar Tomhaltóra Éifeachtacht, luach ar airgead agus minicíocht úsáide a mheas.
Cur i Láthair Bia	<p>Conas bia a chócaráil agus a chur i láthair sa chaoi is go mbeidh sé</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) aeistéitiúil ó thaobh amhairc (b) sobhlasta (c) indileáite (d) cothaitheach (e) slán agus saor ó bhaictéir agus ó pharaisítí. <p><u>Feasacht ar chur i láthair tráchtála bia.</u> <u>Eolas ar scileanna a theastaíonn le bia a chur i láthair ar bhealach tarraingteach ó thaobh amhairc, indileáite, cothaitheach. Bíodh baint aige le sláinteachas bia.</u></p>	<p>Spreag cruthaitheacht i gcur i láthair bia agus i gcóiriú an bhoird.</p> <p>Bíodh an cur i láthair bainteach leis an tasc ranga – lig don rang mias a roghnú a bhreathnaíonn go maith in oideas agus iarracht a dhéanamh a macsamhail a chur ar fáil.</p>

3. STAIÉAR TOMHALTÓRA

(is don Ardleibhéal amháin an t-ábhar a bhfuil líne faoi)

3. STAIÉAR TOMHALTÓRA

ÁBHAR	EOLAS & TUISCINT IONCHAIS	GNÍOMHAÍOCHT MHOLTA
Tomhaltóir i Sochaí an Lae Inniu	Cad is tomhaltóir ann? Cén fáth ar ghá tomhaltóirí a choinneáil ar an eolas Cén chaoi a gcuirtear tomhaltóirí ar an eolas Cearta agus freagrachtaí tomhaltóra	Cuir tús le plé ar bheith i do thomhaltóir Bí bainteach leis na gnéithe éagsúla d'Eacnamaíocht Bhaile e.g. Bia, Teicstílí, earraí agus seirbhísí Tí
Cearta agus cosaint tomhaltóra	Cén fáth gur ghá cosaint a bheith ann don tomhaltóir. Cén chaoi a gcuirtear ar fáil é. <u>Gníomhaireachtaí reachtúla agus neamhreachtúla</u>	Cás-staidéir agus samplaí. Pléghrúpa ar fhoinsí eolais don tomhaltóir. D'fhéadfadh daltaí comhad a ullmhú ar eolas don tomhaltóir le úsáid mar acmhainn i rith an chúrsa.
Reachtaíocht Tomhaltóra	Feasacht ar chearta an tomhaltóra. Cén chaoi le réim gníomhaíochta a roghnú má sháraítear cearta.	Liostaigh na gníomhaireachtaí agus pléigh a bhfeidhm agus a n-éifeachtúlacht
Iompar Tomhaltóra	Gearán a dhéanamh. Cén uair? Cén chaoi? Ba chóir do dhaltaí an nós imeachta cuí a bheith ar eolas acu faoi ghearán a dhéanamh.	Gearán béil agus scríofa le ullmhú ag gach dalta agus úsáid á baint as cúinsí barúlacha – rólghlacadh.
Buiséadú Bainistithe Airgid	<u>Déan tagairt do phrionsabail bhainistíochta agus cuir i bhfeidhm iad e.g. bain feidhm as eolas agus scileanna cinnteoireachta nuair is airgead an acmhainn.</u> Cén chaoi le buiséid teaghlaigh/phearsanta a phleanáil i.e.riachtanais agus tosaíochtaí do na daoine aonair agus na teaghlaigh éagsúla a aithint Cén chaoi le comhad tí d'admhálacha, do ráthaíochtaí, do bhíllí etc. a cheapadh agus a choinneáil	Pléigh foinsí éagsúla ioncaim. Feidhmigh cás-staidéir éagsúla do dhéagóirí agus do dhaoine fásta. Roinn an rang i ngrúpaí beaga agus tabhair cúnise éagsúil do gach ceann le riachtanais/tosaíochtaí/luachanna na gcúinsí éagsúla a scrúdú. Tabhair aischuntas agus déan anailís agus úsáid á baint as modh fadhbréitigh. Pleanáil buiséad pearsanta do thuras scoile. Ceap córas cómhódhacháin chun freastal ar riachtanas áiriithe.
Fachtóirí a théann i gcionn ar an Tomhaltóir	Fachtóirí a théann i gcionn ar chinnteoireacht tomhaltóra.. Fachtóirí inmheánacha agus seachtracha e.g. piarbhrú, margaíocht, luachanna, cur i láthair. Luach ar airgead. Ról na fógraíochta. Tionchair dhearfacha/dhiúltacha.	Déan anailís ar na fórsaí éagsúla a mbíonn tionchar acu ar an tomhaltóir. Déan anailís ar fhógraí agus ar na meáin a úsáideadh, T.V., raidió, irisí, etc. Bain úsáid as rólghlacadh le cinneadh a dhéanamh faoi thionchar cineálacha éagsúla fógraíochta ar an tomhaltóir.

ÁBHAR	EOLAS & TUISCINT IONCHAIS	Gníomhaíocht Mholta
Dearbhú Cáilíochta Rialú Cáilíochta	Aitheantas agus tuiscint ar Mharcanna Dearbhú Cáilíochta. Tábhacht cáilíochta agus caighdeán in earraí agus i seirbhísí e.g. Lipéadú, Marcáil Dáta, Ráthaíochtaí, Pacáistiú.	Examine and evaluate products in order to alert the pupils to the idea of quality. Relate to various areas of Home Economics. Enumerate the products that have obtained the Q mark.
Siopadóireacht	Ionaid Modhanna siopadóireachta Modhanna íocaíochta Treoirlínte don siopadóireacht	Déan idirdhealú idir riachtanais, teastálacha agus tosaíochtaí i mbun siopadóireachta. Déan measúnú ar na cineálacha éagsúla ionad.

4. STAIDÉAR SÓISIALTA AGUS SLÁINTE
(an t-ábhar a bhfuil líne faoi don Ardleibhéal amháin)

ÁBHAR	EOLAS & TUISCINT IONCHAIS	GNÍOMHAÍOCHT MHOLTA
An Teaghlach	An teaghlach sa tsochaí Léirmhíniú agus cineálacha. <u>Na fachtóirí eacnamíocha, cultúrtha agus sóisialta a mbíonn tionchar acu ar shaol teaghlaigh.</u> Ról an duine aonair laistigh den teaghlach agus béim ar an ógántacht.	Plé ar chosúlachtaí agus éagsúlachtaí i dteaghlaigh. Bunriachtanais teaghlaigh – Bia, Éadaí, Dídean agus Caidreamh Pearsanta
Céimeanna forbartha	Oideachas gnéis. Staidéar imlíne ar fhorbairt dhaonna ó ghiniúint go aosacht – fás meabhrach, fisiciúil agus sóisialta.	Cás-staidéir teaghlaigh ag céimeanna éagsúla forbartha. (Tagair d'éiteas scoile agus do threoirlínte na Roinne Oideachais).
Tuismíocht	Ról agus freagrachtaí tuismíochta.	Plé ar fhreagrachtaí aosachta agus tuismíochta
Ógántacht	Céimeanna forbartha den éirí aníos (diminsin fhisiciúla, shóisialta agus mhorálta)..	Déan liosta ag tosú leo sin a chuireann síos ar an duine. Féiniúlacht, pearsantacht, indibhidiúlacht. Stéiréitíopáil. Cuir agallamh ar a chéile. Pléigh bhur gcosúlachtaí agus bhur difríochtaí.
An t-ógánach i sochaí an lae inniu..	Tionchair, caidreamh, iompar.	Próifíl ógánaigh.
Cothromas Inscne	Sainnigh réimsí ina gcaitear go cothrom le buachaillí agus le cailíní agus réimsí nach gcaitear go cothrom leo – ag baile, ag an scoil, ag an obair agus sa phobal	Pléigh cothromas inscne agus cad a thuigeann tusa leis (a) sa bhaile, (b) ar scoil, (c) sa phobal. Tabhair samplaí i ngach cás. Pléigh na torthaí a eascraíonn as caitheamh go míchothrom le daoine.
Scileanna Sóisialta	<u>Noirm iompraíochta - Tabhair sainmhíniú ar norm – iompar inghlactha agus ionchais – Feasacht ar riachtanais daoine eile.</u>	Sainnigh scileanna sóisialta ar iompar inghlactha iad sa tsochaí seo againne. Pléigh na fadhbanna a eascraíonn mura mbaintear úsáid as na scileanna seo. Rólghlacadh – Láimhseáil Coinbhleachta. Láimhseáil Ceartúcháin
Coincheap na sláinte agus an chaoi a dtéann sé i bhfeidhm ar ár bhfolláine	Cothabháil sláinte agus coirp. – <u>Sainnigh córais éagsúla an choirp agus an áit a bhfuil siad agus an chaoi a fheidhmíonn siad.</u>	Féach ar léaráidí simplí de na córais sa chorp – – an córas imshruthaithe, - an córas riospráide, - an córas díleáite. Sainnigh na príomhorgáin agus tabhair gearrchuntas ar a bhfeidhmeanna.

	<p>Cén chaoi le cúram a dhéanamh den chraiceann, den ghruaig, de na hingne agus de na fiacala.</p> <p>Glaineacht phearsanta. A bheith aclaí. Fóillíocht. Cúiseanna a bhíonn le deashláinte agus le drochshláinte agus an toradh a bhíonn orthu. Béim ar stíl mhaireachtála shláintiúil a cothú.</p>	<p>Grúpobair, taighde agus plé ar riachtanas an tsláinteachais, an chodlata, na haclaíochta.</p> <ul style="list-style-type: none"> • An tábhacht a bhaineann le sainchaitheamh aimsire/ábhair spéise agus an gaol idir iad agus sláinte mheabhrach agus fhisiciúil. • Cén chaoi leis an leas is fearr a bhaint as am fóillíochta. • Cén chaoi le strus a sheachaint • Déan imeascadh le réimsí eile den Eacnamaíocht Bhaile
Guaiseacha Sláinte	Drochthionchar drugaí, alcóil, tobac.	<p>Déan liosta nó tarraing cairt ar cad is ‘stíl mhaireachtála shláintiúil’ ann.</p> <p>Ullmhaigh feachtas do scoil leis an tsláinte a chur chun cinn.</p>

5. BAINISTÍÓCHT ACMHAINNÍ AGUS STAIDÉIR BHAILE
(an t-ábhar a bhfuil líne faoi don Ardleibhéal amháin)

ÁBHAR	EOLAS AGUS TUISCINT IONCHAIS	GNÍOMHAÍOCHT MHOLTA
Bainistíocht	Sainmhíniú ar bhainistíocht. Tréithe bainisteora e.g. bainc, scoile, bainisteoir spóirt, monarchan. Sainaithin acmhainní a bhaineann leis an mbaile.	Agus úsáid á baint as coincheap na bainistíochta cuir freagrachtaí bainisteoir baile i gcomparáid agus i gcodarsnacht le bainisteoirí 'eile'.
Prionsabail Bhainistíochta	Cinneadh a dhéanamh. Rogha a dhéanamh. Pleanáil, eagrú, measúnú	Ceap plean oibre do lá tipiciúil i do theachsa. Éilimh laethúla etc
Bainistíocht Baile	Sainmhíniú ar Bhainistíocht Baile, reáchtáil an bhaile ó lá go lá a phleanáil agus a eagrú.	Liostaigh príomhfheidhmeanna an bhainisteora baile in aghaidh an lae/na seachtaine
Tionchar deabhainistíochta ar shaol teaghlaigh	Feidhmiú prionsabail bhainistíochta sa mbaile.	Ceap plean oibre do sheachtain tipiciúil i do theachsa. Éilimh etc.
Dídean –Fisiciúil/Síceolaíoch	Sainmhíniú ar dhídean. Dídean mar bhunriachtanas. 'Coincheap' an bhaile a fhreastalaíonn ar riachtanais fhisiciúla, síceolaíochta agus shóisialta.	Pléigh na cineálacha éagsúla dídine/tithíochta. Sainaithin an chaoi a fhreastalaíonn an baile ar riachtanais dídine an duine aonair.
Dearadh sa Bhaile	<u>Prionsabail Deartha</u> – dath, cothroime, rithim etc. Leagan amach simplí de réimsí éagsúla an tí e.g. seomra codlata agus cuir na prionsabail deartha i bhfeidhm ar an réimse seo agus déan machnamh ar an ngaol idir an leagan amach, cuir dearadh breise leis le haghaidh riachtanais ar leith.	Coincheap an 'bhaile' agus béim ar na daoine sa mbaile. Cás-staidéar do threoracha deartha e.g. pleanáil leagan amach do sheomra codlata. Roghnaigh scéim dathanna agus ábhair an tseomra agus tabhair fáthanna feidhme/aeistéitiúla don rogha
Sábháilteacht	Cúiseanna agus cosc timpistí sa bhaile. Daoine agus eagraíochtaí a thugann aire dár sábháilteacht. An chaoi ar chóir rialacha sábháilteacha a chur i bhfeidhm sa teach.	Cás-staidéir ar thimpistí sa bhaile. Suirbhé simplí sa rang chun fáil amach cé chomh minic is a thrlaíonn timpistí sa teach. Déan liosta de réamhchúraimí don bhaile. Bí eolach ar an ngnás do chleachtadh dóiteáin agus cleachtaigh é.
Garchabhair	Rialacha do Gharchabhair. Nósanna imeachta do thimpistí simplí sa teach – dónna, scalladh, tachtadh, gearrthacha, tuislí, nimhiú	Déan fearas garchabhrach agus líon le hábhar oiriúnach. Rólghlacadh do thimpistí
Acmhainní Teaghlaigh	Rogha, úsáid agus cothabháil fearas. Rogha agus úsáid oibreán glantacháin	Taighde simplí chun táirgí a úsáidtear chun tascanna tí a dhéanamh a thástáil agus a mheas. Pléigh riachtanais agus sónna maidir le hoibreáin ghlantacháin agus fearais.
Teicneolaíocht sa Bhaile	<u>Cur i bhfeidhm teicneolaíochta sa bhaile. Measíní agus trealamh nua a dearadh don mbaile ar mhaithe le dua a sheachaint. Measúnú trealaimh.</u>	Fiosraigh úsáid trealaimh theicneolaíochta sa bhaile, lena n-áirítear an ríomhaire. Fiosraigh na hathruithe le 50 bliain anuas.

ÁBHAR	EOLAS AGUS TUISCINT IONCHAIS	GNÍOMHAÍOCHT MHOLTA
Seirbhísí agus Cothabháil Baile	Leictreachas, gás, uisce etc. Foinse, feidhm, <u>prionsabail oibre</u> agus cothabháil.	<ul style="list-style-type: none"> a) Sreangú plucóide agus fiús a athrú i bplocóid b) Bac a bhaint de dhoirteal c) Bolgán nua a chur isteach d) Nós imeachta chun déileáil le sceitheadh gáis e) Nós imeachta chun déileáil le sceitheadh uisce, e.g. píopa briste.
Do Thimpeallacht Baile	Seirbhísí agus áiseanna pobail. Reachtúla/Deonacha	<p>Liostaigh na cinn atá ar fáil i do cheantar agus pléigh an cineál freastail ar an gceantar.</p> <p>Scríobh alt le cur síos a dhéanamh ar an gceantar ina bhfuil cónaí ort.</p>
Saincheisteanna Timpeallachta	Truailliú, diúscairt dramhaíola, <u>ídiú an chisil ózóin</u> . Sláinteachas sa bhaile	Fiosraigh na cúiseanna a d'fhéadadh a bheith leis an truailliú i do cheantar, más ann dó. Déan feachtas feasachta athchúrsála do do scoil a phleanáil. Pléigh sláinteachas sa bhaile.

6. STAIDÉAR TEICSTÍLE
(an t-ábhar a bhfuil líne faoi don Ardleibhéal amháin)

ÁBHAR	EOLAS & TUISCINT IONCHAIS	GNÍOMHAÍOCHT MHOLTA
Úsáideann Teicstílí. Éadaí/Teaghlach	<u>Feidhm</u> : Bunriachtanais – teas, cosaint. <u>Rogha: fachtóirí cultúrtha</u> , aeistéitiúla, <u>stairiúla</u> .	Anailís ar earraí pearsanta éadaigh. Breathnóireacht ar threochtaí faisin agus ar an gcaoi a n-imrítear tionchar orthu. Nasc le <u>Staidéar Tomhaltóra</u> . Pléigh fógraíocht faisin. Fiosraigh an nasc idir éadaí agus sláinteachas. Mol gnáthamh sláinte agus sláinteachais.
Úsáid Tí	Bogfheisteas tí, cairpéid, rugaí, éadaí leapa. Feidhm agus rogha	Sainnithin na limistéir ina n-úsáidtear teicstílí sa teach. Comtháthaigh le bainistíocht acmhainní. Déan colláis le héadach.
Dearadh agus Faisean	<u>Buntuisicint ar phrionsabail dearaidh shimplí</u> . (Tag. Bainistíocht Acmhainní). Dath, Cothroime, uigeacht, cuma agus cruth. <u>An chaoi a shocraíonn Tionscail an Fhaisin treochtaí faisin</u> . An chaoi a dtéann luachanna na meán agus rogha pearsanta i bhfeidhm ar an duine aonair etc	Taighde simplí ar fhaisin atá sa bhfaisean. Cuir leabhar gearrthóg faisin le chéile. Dear feisteas chun críocha ar leith.
Teicstílí agus an Tomhaltóir	Cinnteoireacht tomhaltóra maidir le teicstílí. <u>An chaoi le tuisicint ‘mhaith’ ar éadaí a fhorbairt agus treochtaí faisin a thuiscint</u> . Conas ‘dea-stíl’ faisin a shaothrú. Stíl phearsanta a bhaint amach –forbairt féinléiriú muiníneach feistis a spreagadh.	Roghnaigh feisteas d’ócáid éigin agus súil ar an mbuiséad agat. Déan an oiriúnacht a mheas maidir le do shnua, do mhéid agus do chruth
Comhdhéanamh Fabraice	<u>Snáithíní Nádúrtha</u> Liostaigh na snáithíní - Ainmhí/Veig <u>Breac-chuntas ar bhunús agus airíonna</u> . <u>Tástáil fabraice – lena n-áirítear tástáil shimplí aitheantais e.g. tástáil dó</u> . Liostaigh na snáithíní daondéanta agus athghinte e.g. réon, nílón, poileistear, aicrileach. Breac-chuntas ar bhunús agus ar airíonna	Taispeántas earraí tí agus pearsanta. Obair allamuigh, nuair is cuí: cuairt ar mhonarcha bréidín, ar mhuilleann olla, ar shiopa fabraice. Scrúdaigh sampla de gach fabraic agus déan measúnú ar a n-úsáid in éadaí Anailís ar oiriúnacht éadaí dá bhfeidhm e.g. éadaí le haghaidh spóirt, aeráide etc.
Déanamh Fabraice	Buntuisicint ar an gcaoi a ndéantar fabraicí as snáithíní. <u>Fabraic Chniotáilte Buneolas ar fhabraic fhite/fabraicí cniotáilte agus neamhfhite</u> . <u>Tréithe agus úsáideanna</u>	Sampla d’earraí pearsanta agus tí. Léirigh déanamh fabraice agus samplaí praiticiúla á n-úsáid e.g. cardáil/fíodóireacht ar fhráma

ÁBHAR	EOLAS & TUISCINT IONCHAIS	GNÍOMHAÍOCHT MHOLTA
Bailchríocha Fabraice	<p>Breac-chuntas ar riachtanas agus ar úsáid bailchríocha difriúla e.g. ruaimniú, uiscédhíonadh, leamhandíonadh agus lasairmhoillitheach, smál-obach, roc-obach.</p> <p>(Ní gá do dhaltaí na próisis cheimiceacha a bhaineann le gach bailchríoch a bheith ar eolas acu).</p> <p>Teicneolaíocht agus Teicstílí</p>	<p>Scrúdaigh lipéid chúraim go maith le tagairt do bhailchríocha difriúla fabraice a fháil.</p> <p>Más ceadmhach ó thaobh áiseanna féadfaidh daltaí trialacha a dhéanamh le ruamanna difriúla e.g. Plandaí/luibheanna, críáin fabraice agus ruamanna tráchtála eile.</p>
Cúram agus Cothabháil Teicstílí	<p>Áirigh an bhaint atá ag cúram agus cothabháil le comhdhéanamh agus le bailchríocha speisialta fabraice. Lipéadú cúraim.</p>	<p>Lipéid ar éadach pearsanta a léamh agus a shainithint. Úsáid cláir níos áine difriúla. Dear lipéad cúraim d'earraí teicstíle.</p>
Glantaigh	<p>Rogha agus úsáid mar a bhaineann le fabraicí. Próisis níos áine agus ghlantacháin. Úsáid meaisín níos áine, triomadóir agus iarann. Smálghlanadh. Úsáid táirgí tráchtála.</p> <p>Feasacht ar thionchair glantaigh ar an timpeallacht.</p>	<p>Fiosraigh raon táirgí níos áine lena n-áirítear smálghlantóirí tráchtála.</p>
Scileanna Teicstíle	<p>Láimhseáil Teicstílí, Sainithint dlúthchiumhaiseanna, snáitheanna díreacha. Rogha agus úsáid buntrealamh fuála. Fabraic a ghearradh le patrún. Próisis shimplí fuála le lámh.</p>	<p>Dearann agus déanann daltaí earra simplí tí agus úsáid á baint as greamanna bunaidh. Spreag gné na cruthaíochta agus an caitheamh aimsire le linn an phróisis.</p>
An tInneall Fuála	<p>An t-inneall fuála á úsáid mar acmhainn. Ba chóir go mbeadh gach dalta in ann an t-inneall fuála a oibriú.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Ullmhú le dul i mbun oibre • Snáithiú, rialú teannais san áireamh • Fuáil dhíreach agus bailchríoch amháin. <p>Déanfaidh daltaí earra simplí éadaigh agus an t-inneall in úsáid acu</p>

7. ROGHANNA

7.1 CÚRAM LEANAÍ

ÁBHAR	EOLAS & TUISCINT IONCHAIS	GNÍOMHAÍOCHT MHOLTA
Fíricí na Beatha Forbairt Leanaí	Buntuisicint ar fhorbairt leanaí lena n-áirítear na gnéithe fisiciúla, intinne agus mothúchánacha le linn na mblianta múnlaitheacha.	Rianaigh fás agus forbairt naíonáin ó ghiniúint go breith Rianaigh fás agus forbairt linbh le linn blianta tosaigh an tsaoil agus béim ar leith ar
Conas agus cén fáth a bhfásann Leanbh	Forbairt fisiciúil.	(1)forbairt fisiciúil, e.g. fiacla, amharc, caint,
Géinte agus Gníomhuithe Meoin agus Frithghníomhuithe	Forbairt mhothúchánach.	(2)forbairt mhothúchánach, slándáil, smacht, grá agus gean.
Géinte agus Timpeallacht	Forbairt intinne. Forbairt intleachtúil	Céimeanna feasachta. Conas agus cathain a úsáideann leanbh an intinn le foghlaim, le labhairt, le rudaí a fhiosrú, le spraoi a dhéanamh, le léamh etc. Plé: Cén chaoi a bhfoghlamaíonn leanaí na scileanna sóisialta riachtanacha? Más féidir d'fhéadfaí cás-staidéar a bhreithniú áit a bhféadfaí iompar agus forbairt a bhreacadh síos. Scrúdaigh bréagán/leabhar cruthaíoch atá deartha do leanbh óg agus déan cur síos ar an bhfáth a spreagfadh sé leanbh chun foghlama
Bia agus Cothú	Cad is aiste bia cothrom ann. Roghanna bia do leanaí	Fiosraigh bianna naíonán tráchtála agus déan suirbhé ar a ngnéithe cothaitheacha. Déan comparáid le bianna a dhéantar sa bhaile. Dear biachlár do lá amháin do leanbh 6 mhí d'aois. Ullmhaigh lón pacáilte do leanbh ag dul ar scoil.
Sláinteachas agus Sábháilteacht	Ionfhabhtú a chosc. Tábhacht sláinteachais ó thaobh bia. (Nasc le Staidéar Bia agus Bainistíocht Acmhainní). Timpistí le leanaí óga a chosc	
Éadach	Nasc le Teicstílí agus sábháilteacht sa teach	Scrúdaigh éadach leanaí ó thaobh compoird, oiriúna agus cúraim de.
Áiseanna Cúram Sláinte	Feasacht faoi fheidhm chlinicí, áiseanna sláinte poiblí, eagraíochtaí deonacha, seirbhísí pobail	Déan suirbhé de na háiseanna sláinte éagsúla i do cheantar
An Leanbh Speisialta	<u>Leanaí le riachtanais speisialta.</u> <u>Eolas bunaidh ar na cineálacha coitianta míchumais fhisiciúil agus intinne.</u>	Liostaigh na heagraíochtaí difriúla a bhfuil sé d'aidhm acu cuidiú le leanaí faoi bhac agus lena muintir.

ÁBHAR	EOLAS & TUISCINT IONCHAIS	GNÍOMHAÍOCHT MHOLTA
An Teaghlach agus an Dí	<u>Tuiscint shimplí ar dhualgais dhlithiúla tuismitheora i leith leanáí. Pléigh: Eagraíochtaí agus institiúidí bainteach leis an teaghlach.</u>	Pléigh (a) cúram linbh (b) cosaint a chur ar fáil (c) freagracht dhlithiúil Ainmnigh eagraíocht a chuireann cabhair ar fáil do theaghlach faoi strus

7.2 DEARAÍ AGUS CEARDAÍOCHT

ÁBHAR	EOLAS & TUISCINT IONCHAIS	GNÍOMHAÍOCHT MHOLTA
An Cheardaíocht in Éirinn	Réamheolas ar raon leathan de cheirdeanna traidisiúnta agus comhaimseartha	Scrúdaigh agus sainaithean samplaí d'obair cheardaíochta e.g. cróise, cniotáil, lása, bróidnéireacht etc. Cuir tionscadal aonair nó grúpa i gcrích ar do rogha ceirde
Tionscail na Ceardaíochta	<u>Tabhair breac-chuntas ar luachanna aeistéitiúla agus eacnamaíochta tionscal na ceardaíochta</u>	Tabhair cuairt ar aon tionscail baile áitiúil. Cuir agallamh ar cheardoibríthe agus/nó ar dhaoine a tháirgeann ceardaíocht mar chaitheamh aimsire Tabhair cuairt ar shiopaí ceardaíochta áitiúla agus déan measúnú ar an gceardaíocht atá ar díol.
Ceirdeanna Comhaimseartha	Úsáid agus feidhm na Ceardaíochta Comhaimseartha e.g. Bróidnéireacht Innill	Agus teicstílí á n-úsáid déan ceird teaghlaigh a tháirgeadh.
Scileanna Ceardaíochta	Taighde aonair nó grúpthaighde domhain (i gceird amháin ar bith) (Ní mór don cheird seo a bheith bunaithe ar theicstíl	Déanann na daltaí taighde agus cuireann idé ceardaíochta amháin ar rogha leo féin ar fáil. Ba chóir scileanna láimhsithe cuí a fheidhmiú ar tháirgeadh a rogha earra.

7.3 SCILEANNA TEICSTÍLE

ÁBHAR	EOLAS & TUISCINT IONCHAIS	GNÍOMHAÍOCHT MHOLTA
Patrúin Tráchtála	Rogha agus úsáid patrún tráchtála. Léamh agus tuiscint ar eolas patrúin e.g. méid, siombail etc <u>Athrú simplí ar phíosáí patrúin e.g. fad.</u>	Scrúdaigh patrúin éagsúla maidir le méid, fabraicí molta etc Plé ar an rogha patrúin – oiriúnacht ó thaobh méide, crutha, stíl mhaireachtála, fabraice etc.
Déanamh Éadaigh agus úsáid innill fuála	Úsáid patrún chun earra amháin nó dhá earra éadaigh a dhéanamh. - ba chóir go mbeadh na hearraí seo níos forbartha ná iad siúd ar tugadh fúthú i gcoir-lár staidéar teicstíle.	Roghnóidh daltaí patrún agus fabraic chuí agus déanfaidh siad an méid seo a leanas a) leagan amach b) gearradh amach c) oiriúnú agus athrú d) cur le chéile
Teicstílí agus Dearaí	Prionsabail dearaidh a chur i bhfeidhm ar rogha agus ar úsáid fabraicí. Breithnigh agus feidhmigh factóirí dearaidh in úsáid bailchríocha maisiúla ar éadach.	Féadtar tástáil/scrúdú a dhéanamh ar raon bailchríocha maisiúla chun cur leis na hearraí críochnaithe a tháirgtear chun cruthaíocht agus indibhidiúlachas a spreagadh e.g. bróidnéireacht innill, úsáid fiarchumhdaigh mar ghné mhaisiúil, paistí, lógónna, móitífeanna. Tabhair cuairt ar shiopaí éadaí áitiúla, ar shiopaí éadaí faiseanta, ar shiopaí sraithe. Féach ar irisí faisin chun treochtaí reatha i maisiú éadaigh a aimsiú.
Tionscal na Teicstíle	<u>Feasacht ar an tionscal teicstíle áitiúil agus náisiúnta/ Ragtrade.</u> <u>Breac-chuntas ar ghnéithe Eacnamaíocha, Aeistéitiúla agus Gairme tionscal na teicstíle</u>	Tabhair cuairt ar aon mhonarcha teicstíle áitiúil. Obair thionscadail ar éide náisiúnta, ar dhearthóirí faisin nó ar dhearthóirí teicstíle

8. TASCANNA EISEAMLÁIRE

TASCANNA EISEAMLÁIRE

Réamhrá

Tá na tascanna eiseamláire seo ceaptha gnéithe roghnaithe den siollabas a chlúdach.

Léiríonn na tascanna seo roinnt bealaí in ar féidir an siollabas a mhúineadh. Is gnéithe d'fhormhór na dtascanna iad gníomhaíochtaí praiticiúla agus foghlaim fhionnachtanach. Tá gnéithe de chuid mhaith de na tascanna a bhaineann le níos mó ná ceann amháin de na réimsí staidéir: mar shampla, féadtar gnéithe de Staidéar Bia agus Cócaireachta a chomhcheangal le Staidéar Tomhaltóra agus le Bainistíocht Acmhainní. Léiríonn sé seo nádúr comhtháite an chúrsa.

Ba chóir Cuspóirí Measúnaithe an chúrsa, mar atá i gcló sa siollabas, a choimeád in intinn i gcónaí agus gníomhaíochtaí múinteoireachta á bpleanáil. Tá cur síos orthu seo thíos

Ar chríochnú an chúrsa beidh ar dhaltaí a léiriú:

- eolas sásúil ar na prionsabail, ar an téarmaolaíocht, ar na fíricí agus na teoiricí atá sa siollabas;
- scileanna praiticiúla, lena n-áirítear úsáid uirlisí agus trealaimh;
- scileanna nós imeachta, lena n-áirítear an cumas treoracha a thugtar i scríbhinn, le béal nó i bhfoirm grafaice, a leanúint;
- an cumas sonraí a fháil, a bhreacadh agus ciall a bhaint astu (lena n-áirítear an cumas rudaí a mheá agus a thomhas go cruinn) agus sonraí a athrú ó fhoirm amháin go eile;
- an cumas, le treoir chuí, tasc a dhéanamh ó uair a cheaptha go dtí a dheireadh, lena mbaineann cuid ar bith nó gach cuid den siollabas;
- an cumas tascanna praiticiúla a dhéanamh i réimse scileanna cócaireachta.

TASCANNA EISEAMLÁIRE – BIA

(i) **SUIRBHÉ**

Faigh amach praghas na 10 bia seo a leanas i 3 shiopa éagsúla. Más féidir tabhairt cuairt ar ollmhargadh mór, ar mhargadh beag agus ar shiopa beag. Faigh amach praghas an bhranda is saoire de gach bia.

CALÓGA ARBHAIR, IM, BUILÍN SLISNITHE, CANNA PÓNAIRÍ,
SIÚCRA, BAINNE, BRIOSCAÍ, BANANAÍ, TRÁTAÍ, UIBHEACHA.

Cuir agallamh ar dhaoine i do cheantar siopadóireachta áitiúil faoi na siopaí a mbaineann siad úsáid astu agus an fáth gur fearr leo iad.

Agus na torthaí á mbreacadh síos agat d'fhéadfá tagairt a dhéanamh d'aon difríochtaí idir roghanna na ndaoine seo a leanas:

- (a) daoine óga agus daoine níos sine
- (b) daoine a bhfuil carranna acu nó daoine nach bhfuil
- (c) páistí

Cén chomparáid atá idir siopaí beaga áitiúla agus ollmhargaí ó thaobh éilimh orthu?

Pléigh: An sábhálann daoine airgead in ollmhargadh i ndáiríre, nó an gceannaíonn siad níos mó bia agus an itheann siad rudaí níos daoire toisc go bhfuil rogha chomh mór sin ann?

Breac síos do chuid torthaí agus mínigh cad a d'aimsigh tú.

(ii) **TÁSTÁLACHA BIA**

Tá tástáil bia an-tábhachtach le cáilíocht a choinneáil. Tá sé úsáideach sa chócaireacht fios a bheith agat cé chomh aigéadach is atá bia.

Líon isteach na spásanna folmha seo a leanas :

Tá blas _____ ar bhia aigéadach

Má bhíonn bia an-_____ is féidir leis cumaisc bainne, uachtair agus uibheacha a théachtadh.

Is féidir leis freisin _____ do chuid fiacla.

Is é _____ contráthacht aigéid

Le tástáil chruinn a dhéanamh ar bhia le haghaidh aigéadachta, féadfaidh tú é a thástáil le táscaire/litmeas _____.

Athraíonn an _____ dath de réir _____ an bhia a theagmhaíonn sé leis.

Tugtar _____ ar an scála tástála agus tá raon ó 1 go _____ aige.

Tástáil

Léirigh an chaoi a ndéantar tástáil don aigéadacht ar phíosa bia agus úsáid á baint as páipéar táscaire. Tarraing cairt torthaí do thástáil. Bíodh torthaí daoine eile sa rang san áireamh má rinne siad siúd tástáil ar bhianna difriúla.

- (a) Maothaíonn aigéad feoil. Cén fáth mar sin go n-úsáidtear trátaí i gcasaróil?
- (b) Téachtann subh a dhéantar as torthaí aigéadacha níos éasca. Faigh amach ó leabhar oidis cad iad na torthaí atá saibhir ó thaobh aigéid.
- (c) Tugann bianna aigéadacha cosaint do Vitimín C. Cad iad na bianna aigéadacha a d'fhéadfá a chur in anlann sailéid chun cailteanas Vitimín C i gcomhábhair sailéid a chosc?

(iii) **FIOSRÚ**

Nuair a chuirtear teas leis an gcuid is mó de bhianna próitéine, téachtann an phróitéin. Ní mór gearrthacha feola difriúla a chócaráil ar bhealaí difriúla.

- (a) Cén fáth go bhfuil gearrthacha áirithe feola níos boige ná gearrthóga eile feola?
- (b) Cén fáth go bhfuil stéig gheadáin níos costasaí ná mairteoil spanla?
- (c) Cén fáth go moltar modhanna fada malla taise cócaireachta go minic le haghaidh feoil atá righin?
- (d) Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach an clár mionghearrtha a ní tar éis feoil amh a ghearradh roimh feoil chócaráilte a chur ar an gclár?

Agus tú ag breathnú ar an lipéad ar ubhchartán freagair iad seo a leanas.

- (a) Cén uair ar rugadh na huibheacha seo dar leat?
- (b) Cén uair ar pacáladh na huibheacha agus cén uair ar cheart iad a dhíol?
- (c) Cé mhéad lá atá ceadaithe idir pacáil agus díol?

Tasc

Mol mias uibhe do gach ceann de na daoine seo a leanas (a) duine scothaosta (b) déagóir, (c) duine róthrom.

Cad iad na bianna eile a d'fhéadfá a riar leis an mias seo?

Scríobh abairt faoin bhfáth a roghnaigh tú an mhias seo.

Cén chaoi ar chóir uibheacha a stóráil?

(iv) **FOGHLAIM FHIONNACHTANACH**

Tá feoil mhionaithe ar cheann de na feolta is saoire ach is féidir leis a bheith an-ilúsáideach. Bailigh roinnt oideas do mhiasa ina n-úsáidtear feoil mhionaithe.

Ullmhaigh ceann de na miasa seo agus déan é a riar mar chuid de lón dhá chúrsa do bheirt/cheathrar.

Pléigh na béilí éagsúla a táirgíodh. Cuir oidis na mias difriúla i gcomparáid maidir le (i) comhábhair, (ii) am ullmhúcháin, (iii) modh cócaireachta, (iv) ábhar cothaitheach agus (v) costas. Tabhair ar aird cé mhéad ar chuir an méid a bhí ag dul leo le praghas an bhéile. Déan comparáid idir méid saille na feolta mionaithe éagsúla a úsáideadh.

Tascanna

Agus oigheann micreathonnach á úsáid, ullmhaigh, cócaráil agus déan mias bricfeasta d'uibheacha scrofa maisithe go tarraingteach a riar do bheirt. Déan an próiseas seo arís agus úsáid á baint as sásphan agus iarta. Ullmhaigh tuairisc scríofa ag míniú cén ceann de na modhanna is fearr a d'oibrigh duit, ag cur am ullmhúcháin agus an toradh deiridh san áireamh. Riar an béile do dhaoine den rang. Pléigh na torthaí ón dá modh cócaireachta. Faigh ráitis ón rang ar uigeacht, ar an mblas agus ar an dath.

Táimid de shíor á gcur ar an eolas faoi na dáinséir a bhaineann le méid rómhór saille ainmhíocha a úsáid in ár n-aistí bia. Dá bharr seo tá déantúsóirí ag cur níos mó agus níos mó cineálacha difriúla táirgí saille nó éagsúlacht níos mó táirgí a dhéantar as saille ainmhíocha agus plandála ar an margadh.

Roghnaigh 2 mhargairín bhoga dhifriúla nó leathán bogmhéathrais atá feiliúnach don bhácáil agus bain úsáid astu chun Císte Spúinse Victoria bunúsach a ullmhú le fáil amach cé acu a mholfá do theaghlach ar maith leis cístí ach a bhíonn aireach faoi

iontógáil colaistéaróil.

Bíodh plé ranga ar an toradh deiridh. Ainmnigh roinnt miasa eile in ar féidir an modh coipthe a úsáid. Déan suirbhé chun fáil amach an fearr le daoine margairín nó im agus cén chúis atá leis?

Tá bianna atá saibhir ó thaobh snáithín tábhachtach don dea-shláinte. Faigh amach (a) cén fáth, (b) cad iad na bianna ina bhfuil snáithíní, (c) an chaoi a n-oibríonn snáithín ar an gcóras díleáite. Ceap biachláir seachtaine ag míniú cen chaoi a bhféadfá an snáithín i d'aiste bia féin a mhéadú.

Spreagann treoirlínte cothaitheacha reatha sinn chun ár n-iontógáil saille agus siúcra a laghdú agus ár n-iontógáil snáithín a mhéadú.

Agus do theaghlach féin in intinn ullmhaigh sraith treoirlínte don teaghlach agus é mar aidhm agat a n-aiste bia a fheabhsú. Ullmhaigh biachláir d'aon lá amháin a chuireann na treoirlínte seo san áireamh.

Tascanna Eiseamláire – Staidéar Tomhaltóra

Plé: Cad iad na cúinsí a théann i gcion ar nósanna itheacháin an duine. Ullmhaigh liosta. An bhfuil éinne i measc do líon tí a bhfuil drochnósanna itheacháin acu? Cén fáth?

Suirbhé: Roinn an rang i ngrúpaí. Déan suirbhé ar na daltaí i do ghrúpa. Cuir cairt le chéile d'aiste bia an ghnáthdéagóra. Déan liosta de bhianna faisín an déagóra. Sainaithin na cothaitheigh leordhóthanacha sna bianna seo agus sainaithin na cothaitheigh atá in easnamh ar na bianna seo.

Fadhbréiteach: Cuir cairt aiste bia malartach le chéile atá éasca le úsáid, bunaithe ar phrionsabail chothaitheacha iontaofa a bheadh tarraingteach don ghnáthdhéagóir.

Tasc: Dáiltear méid socraithe airgid ar gach dalta le ceann amháin de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

1. Ceannaigh feisteas do laethanta saoire an tsamhraidh.
2. Pleanáil briseadh deireadh seachtaine le grúpa cairde.
3. Ceannaigh trealamh spóirt duit féin.
4. Eagraigh béile gan choinne ar ócáid teaghlaigh.

Leag amach plean gnímh, fiosraigh roghanna eile agus tabhair cur síos mion ar an gcaoi a gcaithfeá an t-airgead agus cén fáth a gcaithfeá mar sin é.

Plé

Dáiltear méid socraithe airgid ar dhaltaí agus cuirtear eolas barúlach breise ar fáil do gach duine aonair.

Leag amach plean caiteachais don ghnáthdhéagóir ar feadh seachtain amháin. Is féidir costais bhreise (nach raibh coinne leo) a chur leis féachaint cen chaoi a ngabhadh sé seo i bhfeidhm ar dhaltaí agus cén t-athrú a dhéanfaidís ar a gcuid pleananna.

Pléigh:

- (i) na cineálacha córais tuairisce a d'fhéadfaí a úsáid,
- (ii) na cineálacha costais a thabhódh déagóir,
- (iii) na cineálacha éigeandálaí a d'fhéadfadh tarlú.

Suirbhé: Déan suirbhé ar an taithí atá ag do theaghlach ar earraí lochtacha a thabhairt ar ais.

Cé mhéad torthaí dearfacha ar bhí ar na gearáin?

Samhlaigh tú féin i gceann de na cúinsí seo a leanas

- (i) níl d'anorac nua cithdhíonach mar a sonraíodh ar an lipéad
- (ii) tá tú tinn tar éis duit bia stánaithe a mheasann tú a bhí truaillithe, a ithe
- (iii) tá do steiréó pearsanta, a fuair tú seachtain ó shin, lochtach.

Mínigh cad atá beartaithe agat a dhéanamh.

NÓ

Cuir agallamh ar mhiondíoltóirí chun a chinntiú cad is fearr do thomhaltóir a bhfuil táirge lochtach ceannaithe aige, a dhéanamh.

Rólghlacadh

Roinn an rang ina ghiúiré, painéal breithiúna, cosantóir (miondíoltóir) agus gearánaí (tomhaltóir). Cuir roinnt gearán coitianta tomhaltóra os a gcomhair agus lig don ghiúiré cinneadh a dhéanamh faoi cé atá ciontach.

Plé: Pléigh tábhacht/fiúntas chúirt mhionéileamh i gcosaint cearta tomhaltóirí.

Obair allamuigh: Tabhair ar gach dalta cuairt a thabhairt ar shiopa difriúil. Tabhair faoi deara na bealaí éagsúla a thugann an siopa ar an tomhaltóir rudaí a cheannach. Déan sceits de leagan amach an tsiopa agus léirigh (i) an sreabhadh tráchta, (ii) ionad na n-earraí sár-riachtanacha e.g. bainne.

Cuir tuarascáil ar thorthaí do thaighde i láthair an ranga agus déan comparáid idir iad agus torthaí do pháirtithe ranga.

Roinn an rang i ndhá ghrúpa.

GRÚPA A liostaigh na teicnící éagsúla a úsáidtear le tomhaltóirí a spreagadh chun ceannach. Nasc teicnící in ord éifeachtachta de réir tuairiscí na ndaltaí.

GRÚPA B Ullmhaigh Treoirínnte don tomhaltóir ar an méid is gá a bheith ar eolas nó a dhéanamh chun siopadóireacht a dhéanamh go héifeachtach agus go heacnamaíoch.

Dearadh agus Déanamh

Is gné thábhachtach den dearadh í an dath. Dear agus ullmhaigh deoch torthaí tarraingteach. Dear agus maisigh lipéad don deoch.

Ceap ainm cuideachta agus ainm táirge don deoch agus liostaigh a chomhábhair.

TASCANNA EISEAMLÁIRE - STAIDÉAR SÓISIALTA AGUS SLÁINTE

Plé

Is é an teaghlach an t-aonad bunaidh a eagraítear an sochaí daonna thart air. Bíonn rudaí éagsúla i gceist leis do dhaoine éagsúla. Tabhair samplaí de (a) theaghlach núicleach, (b) de theaghlach sínte.

Liostaigh roinnt de thionchair an teaghlaigh ar an bpáiste agus tabhair samplaí de na tréithe a chruthaíonn caidreamh maith teaghlaigh.

Tascanna

Baineann freagracht maidir le cúram sláinte leanaí sa phobal leis an údarás áitiúil i.e. na Boird Sláinte. Liostaigh buntáistí áiseanna maithe cúraim leanaí.

Déan taighde ar na háiseanna cúraim leanaí atá ar fáil i do phobal.

Déan cleachtadh costála ar threalamh bunaidh do bháibín nua.

Déan fiosrú ar bhréagán linbh. Cuir tuairisc ar do chuid torthaí ar fáil.

Iarradh ar do theaghlach aire a thabhairt do mhamailíneach ar feadh seachtaine le linn dá thuismitheoirí/tuismitheoirí a bheith ar saoire. Is é an tasc atá agatsa na béilí don tseachtain a phleanáil agus a ullmhú. Tabhair fáthanna le do rogha agus tabhair cuntas ar an gcaoi a ndeachaidh tú i mbun taighde leis an tasc a chomhlíonadh go rathúil.

Ón gcliámhán, tugtar ar chailíní agus ar bhuachaillí cloí le steiréitíopáil ghnéasach – a dtuismitheoirí, an scoil agus an sochaí a thugann orthu é seo a dhéanamh. Reáchtáil díospóireacht ranga dar teideal “Tá níos mó saoirse ag Fir agus Mná cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi a chaitheann siad a saoil sa lá atá inniu ann”.

Rólghlacadh

Is cuid den saol í an choinbhleacht. Ní bhíonn na haidhmeanna nó na smaointe ceannann céanna ag aon bheirt nó ag aon dá ghrúpa. Úsáid an sampla barúlach seo a leanas.

'Ceapann mo thuismitheoirí nach ndéanaim mo dhóthain staidéir. Bíonn siad ag gearán go mbreathnaím ar an teilifís an iomarca '.

Tasc: Roinn an rang ina ghrúpaí. Socraíonn gach grúpa cén chaoi le radharc coimhlinte a chur ar siúl ag baint úsáid as an eolas a tugadh, ag cur rud ar bith leis óna dtaithí féin. Mol cinéalacha eile coimhlinte a d'fhéadfadh a theacht i gceist agus an chaoi a bhféadfaí an choimhlint a réiteach.

Foghlaim Fhionnachtanach

Scríobh cur síos ort féin agus úsáid á baint as na trí cheannteidil seo a leanas.

(1) Comhdhéanamh fisiciúil, (2) Teaghlach, (3) Forbairt Phearsanta

Lig do dhaltaí an ranga iad féin a chur in aithne agus an t-eolas cuí á roinnt. Pléann daltaí an ranga a gcosúlachtaí agus a n-éagsúlachtaí chun a thuiscint conas a thugann na cáilíochtaí pearsanta seo seasamh ar leithligh dóibh – ní hionann iad agus duine ar bith eile.

Tá drugaí ríthábhachtach le tinneas a leigheas ach féadfaidh siad a bheith ina nguais sláinte freisin. Pléigh cén fáth a gceapann tú go mbaineann daoine óga mí-úsáid as drugaí amanta.

Pléigh na rialacha maidir le lúthaíocht. Socraigh cen fáth go bhfuil gach ceann acu tábhachtach. Déanadh gach duine pleanáil do chlár dó féin chun a bheith aclaí agus fanacht aclaí.

Freagair an méid seo a leanas i ndhá abairt an ceann ar a mhéid:

Cén fáth gur ghá dúinn níos mó cleachtadh aclaíochta a dhéanamh anois ná mar a rinneadh caoga bliain ó shin? Cad iad na dianfhadhbanna sláinte ar féidir a chruthú ceal aclaíochta? Is iad trí phríomhghnéithe na haclaíochta ná teacht aniar, neart agus lúfaireacht. Cé acu seo is tábhachtaí agus cén fáth?

Féadtar cuasáin fiacla a chruthú trí an iomarca bianna a bhfuil ábhar ard siúcra iontu a ithe. Déan suirbhé sa rang/scoil féachaint cé mhéad bianna le ard-ábhar siúcra a itear ag am lóin.

Pléigh cén chaoi ar féidir cúrsaí a fheabhsú.

Pleanáil feachtas chun na daltaí ag an scoil a spreagadh le bianna le níos lú siúcra iontu a ithe.

Plé: Mura mbeadh teilifís, inneall níos álainn, telefón nó folúsghlantóir sa teach agat cén chaoi a gcuirfeadh sé isteach ar shaoil bhaill an teaghlaigh?

Cén chaoi a ndéanfa gan na hacmhainní seo? Cad a dhéanfa dá n-uireasa?

TASCANNA EISEAMLÁIRE

Rogha Cúraim Leanaí

Tabhair cuireadh d'altra sláinte poiblí labhairt leis an rang.

Fiosrú

Déan suirbhé ar mheáchan breithe na ndaltaí sa rang; cuir i gcomparáid le meánmheáchain breithe iad.

Dearadh: Dear 'Móibíl' do sheomra linbh dhá bhliain d'aois.

Taighde

Déan taighde ar bhréagáin agus ar chluichí oideachasúla – sainaithean a bhfeidhm forbartha.

Tasc/Plé

Treoirínthe do roghnú Naíonraí/Creches

TASCANNA EISEAMLÁIRE – BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ

(i) DEARADH

Samhlaigh go bhfuil tú ag maisiú do sheomra codlata idéalach.

- (a) Pleanáil an leagan amach.
- (b) Roghnaigh an scéim dathanna.
- (c) Roghnaigh an troscán agus an bogfheisteachas tí.

Úsáid treoir dearaidh agus feidhmigh na prionsabail dearaidh.

(ii) SUIRBHÉ

Déan suirbhé timpiste i measc do chairde agus do ghaolta lena n-áirítear (i) na cineálacha timpistí is minicí a tharlaíonn agus (ii) na réimsí den teach is mó a dtarlaíonn timpistí iontu.

Is í an chistin lárionad cuid mhór gníomhaíochtaí teaghlaigh. Sainaithin deich gcás i gceistín ina dtarlaíonn timpistí go coitianta. Déan moltaí a chuideodh le do theaghlach a bheith níos meabhraí ar shábháilteacht. Liostaigh na hábhair riachtanacha d’Fhearas Garchabhrach.

(iii) FADHBRÉITEACH

Smaoinigh ar do theach féin. Sainaithin agus liostaigh na hearraí leictreacha riachtanacha atá uait.

Faigh amach cé mhéad a chosnóidh na hearraí seo. An bhféadfaí aon cheann acu a cheannach athláimhe?

Cad is ráthaíocht ann?

Plé

Rinneadh freastal ar riachtanais tithíochta ar bhealaí éagsúla thar na blianta. Féach ar an tithíocht sna ceantair thart ar do scoil. Déan cur síos ar na cineálacha difriúla dídine a fheiceann tú. Pléigh na torthaí agus breac síos liosta de na riachtanais a bhfreastalaíonn na tithe atá i gceist orthu.

Suirbhé

Bailigh picitiúir de thithíocht ó thíortha difriúla. Pléigh na fáthanna a bhaineann leis na cineálacha difriúla tithíochta – aeráid, ábhair, airgead etc. Féach ar an tithíocht i do cheantar agus féach ar tháinig athrú uithi le himeacht ama. Cad iad na hathruithe?

(IV) TAIGHDE

Fadhbréiteach: Iarradh ort táirge tí a cheannach nach bhfuil mórán eolais agat faoi. Cén chaoi a dtéann tú i mbun eolas faoin táirge seo a fháil. Liostaigh foinsí a d'fhéadfadh a bheith ann. Cad iad na táirgí is iontaofa? Cén fáth?

Scrúdaigh aon trealamh/bia/troscán/éadach i do theach/seomra ranga féachaint an bhfuil aon 'Séala Formheasa' nó 'Marc Cáilíochta' ann. Déan sceitse de na siombail agus déan taighde faoin eolas a léirítear ar an séala. Cén ghníomhaireacht a bhronn an séala?

(v) RANSÚ SMAOINTE

Bíodh seisiún ransaithe smaointe agat leis an rang ar chineálacha éagsúla acmhainní agus cúinsí do theaghlaigh féin in úsáid agat. Liostaigh acmhainní an ghnáth-theaghlaigh. Roinn iad in acmhainní daonna agus neamhdhaonna (ábharacha). Rangaigh d'acmhainní teaghlaigh in ord tábhachtacha.

(vi) TREOIR LE HAGHAIDH DEARADH

Iarradh ar an rang bronntanas a dhéanamh le bronnadh ag imeacht a bhí ag teacht. Dear/déan bronntanas a d'fhéadfaí a dhéanamh gan mórán costais. (D'fhéadfadh an cineál seo taise a bheith i modúil an bhia, na teicstíle nó na ceardaíochta).

Tarraing triantán, acmhainn amháin á léiriú ag gach pointe – am, fuinneamh, airgead. Nuair atá acmhainn amháin in easnamh cén chaoi a bhféadfaí an dá cheann atá fágtha a úsáid le sprioc a bhaint amach. Cuir seo i bhfeidhm ar thascanna éagsúla laistigh den mbaile.

Pléigh: Tá méid teoranta acmhainní daonna agus ábharacha ag gach baile. Trí dheabhainistíocht bíonn seans ag baill teaghlaigh roinnt dá spriocanna a bhaint amach. Cuidíonn measúnú pleananna le daoine saoil níos éifeachtaí a chaitheamh – a spriocanna a bhaint amach.

An aontaíonn tú leis seo? Pléigh an ráiteas sin.

Fiosrú

Fiosraigh modhanna ina bhféadfá agus do theaghlach laghdú a dhéanamh ar mhéid na dramhaíola a tháirgítear. Cén chaoi a bhféadfaí í a dhiúscairt ar bhealach níos neamhdhíobhálaí don timpeallacht?

TASCANNA EISEAMLÁIRE – TEICSTÍLE

Cur chuige imscrúdaitheach á úsáid

- (a) Roghnaigh earra éadaigh
- (b) Rianaigh na hathruithe faisin a tharla don earra sin le scór bliain anuas
- © Cuir do chuid torthaí i láthair an chuid eile den rang
- (d) Pléigh na hathruithe agus an fáth, dar leat, ar tharla na hathruithe seo thar na blianta

Bain úsáid as plé ranga leis an méid seo a leanas a fháil amach

- (a) Na fáthanna a cheannaíonn tú éadaí.
- (b) Tionchair ‘lucht treochta faisin’.

Bailigh grianghraif nó ailt ar lucht treochta faisin reatha don déagóir ar suim leis a leithéid. Cad iad na treochtaí faisin a thosaigh siad? An raibh tionchar acu ar mhodh do ghléasta?

Cás-staidéar – Fógra

Féach ar 3 fhógra le haghaidh faisin.

- (a) Cén t-eolas a fhaigheann tú ó na fógraí seo.
- (b) Cé air a bhfuil siad dirithe?
- (c) Cén fáth go dtarraingíonn siad d’aird?
- (d) An meallfaidís tú leis na héadaí a cheannach?

Dearadh

Dear feisteas do dhéagóir e.g. éide scoile malartach agus úsáid á baint as an treoir le haghaidh dearadh mar do phlean gnímh.

Ba chóir go gcuideodh na ceisteanna seo a leanas leat do phlean a shocrú.

1. Cad é an tasc atá agat?
2. Déan liosta de na rudaí a gcaithfidh tú cuimhneamh orthu sular féidir leat an feisteas a dhearadh.
3. Cá bhfaighidh tú an t-eolas a chuideoidh leat?
4. Ullmhaigh plean gnímh a léireoidh an rud a dhéanfaidh tú agus cén uair a dhéanfaidh tú é.
5. Cuir do phlean i ngníomh.
6. Tarraing do dhearaí.
7. Tabhair fáthanna le do rogha dearaí.
8. Déan measúnú ar do chuid oibre.

Ransú smaointe

Sainaithin na réimsí ina n-úsáidtear teicstí sa teach.

1. Cuir liosta le chéile.
2. An bhfuil earraí ar an liosta a d'aireofá uait mura mbeidís agat?
3. Roinn do liosta in dhá chuid - riachtanais/teastálacha.

TASC: Faigh amach cén cineál feisteas a bhí ann le linn ré do thuismitheoirí agus do sheantuismitheoirí. Pléigh do chuid torthaí leis an gcuid eile den rang.

Plé

Cad atá i gceist leis an bhfocal airíonna?

Liostaigh airíonna fabraice.

Cén fáth go bhfuil na hairíonna seo tábhachtach?

Bailigh oiread samplaí fabraice éagsúla agus is féidir (nádúrtha agus de dhéantús an duine)

Déan cur síos ar airíonna gach ceann de na fabraicí seo.

Cad iad airíonna fabraice a fhágann go bhfuil siad oiriúnach chun críocha ar leith.

Treoir le haghaidh Dearadh

Cén saghas earraí tí a bhféadfadh tosaitheoir a dhéanamh agus úsáid á baint as inneall fuála? Sceitseáil earra oiriúnach agus cuir lipéad ar an léaráid chun aon ghné ar leith a chuirfeá san áireamh i do rogha a léiriú, fáthanna aeistéitiúla/feidhmiúla á dtabhairt agat.

Treoir le haghaidh Dearaidh

Dear earra éadaigh le caitheamh sa samhradh.

Beidh feidhm ag na treoirlínte seo a leanas mar shrianta:

Méid na fabraice = 1 méadar

Costas na fabraice = €3

Scóip an dearaidh = barr faiseanta e.g. T-léine

9. SEOLTAÍ ÚSÁIDEACHA

BORD IASCAIGH MHARA (B. I. M.)

Bóthar Crofton,
Dún Laoghaire,
Contae Bhaile Átha Cliath.

Fón: 01-2841544

Eolas Tomhaltóra agus Cothaithe.

Oidís, Físeáin, Bileoga.

BORD GÁIS ÉIREANN

Sráid D'Olier,
Baile Átha Cliath I.
Fón: 01-6797822

Comhairle do thomhaltóirí, bileoga, póstaer agus físeáin.

(CBF) AN LÁRIONAD FEOLA

Cúirt Clanwilliam,
Sráid an Mhóta Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2.

Fón: 01-685155

Eolas agus comhairle saor in aisce lena n-áirítear eolas cothaitheach. Reáchtálar taispeántais agus cúrsaí go rialta ag an lárionad agus ar fud na tíre á gcur i láthair ag foireann comhairleoirí tomhaltóra. Bileoga oidís, leabhair chócaireachta, póstaer agus cairt ghearrthacha. Físeáin. Comórtas CBF daltaí na bliana.

BORD SOLÁTHAIR AN LEICTREACHAIS (B.S.L.)

Sráid na Toinne, Baile Átha Cliath 2.
Fón: 01-772961

Scéim léasú cócaireáin..

Comórtas cócaireachta/tíosach ar fhuinneamh. Léachtanna ar fhearaí tí, ar shábháilteacht sa teach, an leas is fearr á bhaint as an leictreachas. Cuairt ar shiopaí de chuid B.S.L. Cuairteanna ar stáisiúin ghinte. Bileoga, póstaer, físeáin. Urraí ar "Seirbhísí leictreachais a thuiscint".

IONAD EOLAIS TORTHAÍ AGUS GLASRAÍ ÚRA

22 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.
Fón 01-614105

Póstaeir: “Torthaí agus glasraí úra”
“Cad atá agat sa bhosca lóin?”
Bileog: Energetic Eating
Oidís: Eolas cothaitheach ginearálta

(ENFO) AN tSEIRBHÍS EOLAIS CHOMHSHAOIL

17 Sráid Naomh Aindriú,
Baile Átha Cliath 2.

Fón: 01-6793144

Leaflets, Consumer Advice.

GNÓTHAÍ TOMHALTÓRA AGUS CÓIR-THRÁDÁLA

Teach Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin,
Baile Átha Cliath 4.

Fón: 01-606011

IRIS CONSUMER CHOICE

45 Sráid an Mhóta Uachtarach,
Baile Átha Cliath 2. Fón: 01-686836

AN T-AONAD UM CHUR CHUN CINN NA SLÁINTE

An Roinn Sláinte,
Teach Hawkins,
Baile Átha Cliath 2.
Fón: 01-714711

AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA DÉIRÍOCHTA (N.D.C.)

Teach Grattan,
Sráid an Mhóta,
Baile Átha Cliath 2.

Fón: 01-619599
Saorfhón: 1800-234555

AN T-IONAD NÁISIÚNTA BIA (Teagasc)

Dunsinea,
Caisleán Cnucha,
Baile Átha Cliath 15.

Fón: 01-383222

AN CHOMHAIRLE FIACLÓIREACHTA

57 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2.

Fón: 01-762226

AN CHOMHAIRLE SÁBHÁILTEACHTA NÁISIÚNTA

4 Bóthar Northbrook,
Baile Átha Cliath 6.

Fón: 01- 963422